Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
SEIRBHÍS THACAÍOCHTA
iarbhunscoile

EAGRÁN 2 EARRACH '06

Nuachtlitir OSPS

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, Iarbhunscoileanna

SAN EAGRÁN SEO...

1 Líonraí Gairmiúla Múinteoirí
Measúnú na Cigireachta
2 Easpa na bhFear in OSPS
Ag Múineadh OSPS do Bhuachaillí
3 Fócas ar Chosc Féinmharaithe
4 Fócas ar Dhea-Chleachtas in OSPS
5 Tábhacht an Mhúinteora in OSPS
Tá Oideachas Sóisialta, Mothúchánach agus Pearsanta Lárnach do Fheabhsú Scoile
6 Céard a Chuireann Rath ar OSPS?
OCG in Iarbhunscoileanna
7 "More than a Phase"
Lá Frithbhulaíochta i Luimneach
Itheachán Sláintiuil
8 Ról OSPS i Sláinte Mhothúchánach agus Mheabhrach
Forbairt Déagóirí
A nDeir Daltaí...
9 Clár OSPS son tSraith Shóisearach
OSPS sa tSraith Shinsearach
10 Ag Comhordú OSPS
Seirbhís Thacaíochta OSPS
Do Heidi le Gruaig Ghorm
11 Dialann Imeachtaí Sláinte

OSPS Iarbhunscoileanna
Institiúd Oideachais Marino
Ascal Uí Ghríofa, B Á C 9

T (01) 805 7718
F (01) 853 5113
E sphe@mie.ie

www.sphe.ie

Fáilte

Fáilte go dtí an dara nuachtlitir ón tSeirbhís Thacaíochta OSPS (Iarbhunscoileanna). Tá súil agam go gcothaíonn sé i do chuid oibre tú, pé ról atá agat sa scoil.

Is próiséas forbartha leanúnach OSPS a chur i bhfeidhm. Is aistear é a thugann cuireadh duit, mar scoil agus mar dhuine, "dul faid do radharc uait mar ansin beidh radharc níos fearr agat". Bíonn ant-aistear níos éasca má tá an t-ádh ort bheith ag obair i dtimpeallacht thacaíochta scoile ina bhfuil prionsabail chothrom na Féinne, mheasa, caoinfhulaingthe agus luach saothair i leith iarrachtaí lárnach.

Má bhí caidreamh agat le Seirbhís Thacaíochtaan OSPS i rith na bliana a chuaigh thart, tá súil agam go raibh sé dúshlánach agus gur cúitíodh do shaothar leat. Bí i dteagmháil linn más féidir linn cabhrú leatsan am atá romhainn.

John Lahiff
Comhordaitheoir Náisiúnta OSPS (Iarbhunscoileanna)

An tUasal John Lahiff, Comhordaitheoir Náisúnta, le roinnt baill de na Seirbhísí Tacaíochta OSPS

Eagarfhocal

Is é an fócas atá ar an dara eagrán seo de Nuachtlitir an OSPS léargas ginearálta a thabhairt ar theoiric fhorbairt déagóirí agus mar is féidir le tuiscint ar an dteoiric seo tionchar a imirt ar an obair a dhéanaimid le daoine óga agus an obair sin a shaibhriú.

Déantar an téama seo a fhorbairt le meascán altanna éagsúla – ó sracfhéachaint ar thaithí múinteoirí agus comhordaitheoirí OSPS ar an talamh go dtí cur chuige níos teoraiciúla ó shaol an taighde agus na comhairleoireachta oideachasúil. Tá altanna againn freisin ó Chigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus ón tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais. Cuirimid fáilte ar leith roimh thuairimí daltaí ar OSPS atá scaipthe tríd an Nuachtlitir. Cé go bhfuil a bhformhór dearfa, tá cinn eile atá dúshlánach.

Ta áthas orainn go bhfuil roinnt samplaí de dhea-chleachtas ó scoileanna againn sa Nuachtlitir. Tá súil againn go mbeidh an ghné seo mar pháirt i gcónaí níos tábhachtaí den fhoilseachán amach anseo.

Is páirtnéireacht idir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Roinn Sláinte agus Leanaí agus Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte i gcomhar le hInstitiúid Oideachais Marino le maoiniú ón bPlean Forbartha Náisiúnta

Líonraí Gairmiúla Múinteoirí

Lynda O'Toole Cigire Sinsearach

Chuir Rannóg Oiliúna Múinteoirí (ROM) na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (ROE) tús le scéim nua i nDeireadh Fomhair 2005 chun maoiniú breisea sholáthar chun tacú le hobair chumainn na n-ábhar agus le líonraí gairmiúla múinteoirí i gcoitinne. Faoi láthair tá an scéim sa dara bhliain de thréimhse píolótach dhá bhliain.

Tugadh an scéim isteach i gcomhthéacs aitheantas rí-shoiléir idirnáisiúnta agus náisiúnta de thábhacht oiliúint mhúinteoirí go ginearálta, agus do chontanam oiliúna mhúinteoirí. Aibhsíonn tuairisc na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), Is Tábhachtach iad Múinteoirí: ag Mealladh, ag Forbairt agus ag Coimeád Múinteoirí Éifeachtacha (2005) an rí-thábhacht a bhaineann le heolas agus scileanna múinteoirí a fhorbairt. Suntasach go leor, molann sé go bhféadfaí é seo a dhéanamh trí fhorbairt ghairmiúil a imeascadh i rith ghairm iomlán na múinteoireachta agus trí fhorbairt phobail fhoghlama mhúinteoirí (leathanach 45).

Ag leibhéal náisiúnta tá tábhacht fhorbairt ghairmiúil múinteoirí cumhdaithe i reachtaíocht ar nós an Achta Oideachais (1998) agus Acht an Chomhairle Múinteoireachta (2001).

Aithníonn oideachasóirí gcoitinne a rí-thábhacht, mar is léirón aitheasc a thug an Dochtúir Séamus Mac Aonghusa ag tionscnamh an Chomhairle Múinteoireachta i Márta 2006 nuair a rianaigh sé pictiúrden mhúinteoir a ghlacann freagracht as a f(h)oghlaim ghairmiúil féin agus atá tiomanta do ardleibhéil eolais ghairmiúil agus oideolaíoch a choinneáil.

Líonra Gairmiúil OSPS (Eatramhach) Coiste Náisiúnta: Kate O Reilly, Ted Kelleher, Josephine O Neill, Mary Foley, Ann Fahy, Máire Canniffe, Rosemarie O Neill (Rúnaí), Deirdre Gallagher (Cathaoirleach), Lorna Davey (Cisteoir)

Tá sonraí ar leith maidir leis an scéim agus mar a oibríonn sé ar fáil ó www.tpnetwork.ie.Go bunúsach, soláthraíonn an scéim maoiniú do ghrúpa cláraithe de réir mhéid chóhort na ndaltaí aguslíon na múinteoirí sa cheantar. Is féidir an maoiniú a bheith ag ceann amháin de thrí leibhéalagus ta dhá chuid ann, leithdháileadh chun gníomhaíochtaí pleanáilte a chlúdach agus leithdháileadh chun obair Choistí Náisiúnta na líonraí atá i gceist a chlúdach. Déanann ionadaí ón gCoiste Stiúrtha bainistíocht ar an scéim agus déanann Ionad Oideachais na Carraige Duibhe (IOCD) í a riaradh thar cheann ROM. Go dtí seo tá 34 líonra cláraithe leis an scéim.

Gné ar leith dearfa de thabhairt isteach na scéime is ea an líon líonraí nua a cruthaíodh. **Forbairt amháin acu seo is ea bunú agus clárú líonra múinteoirí OSPS. Tugann sé deis obair mhúinteoirí OSPS a aithint, a dhearbhú agus tacú leis.** Ba chóir go gcabhródh sé freisin cur le forbairt breise an ábhair, le plé agus abhcóideacht a éascú agus tacú le tógáil sainaitheantais.

Le bunú an Líonra Gairmiúil Múinteoirí do mhúinteoirí OSPS tá deis againn anois tacú le pobal tábhachtach eile fós de chleachtas gairmiúil.

Obair na Cigireachta i Measúnú OSPS

Nora Friel Cigire Iarbhunscoile

Is croí-ábhar anois é OSPS do gach dalta sa tsraith shóisearach agus dá bharr sin dírítear fócas cigireachta ábhar air.

Is féidir go dtarlaíonn seo mar chigireacht ábhar neamhspleách nó mar chuid de mheastóireacht scoile uile (MSU). Is iad na haidhmeanna a bhaineann leis na meastóireachtaí a dhéanann cigirí:

- dea-chleachtas a aithint, a admháil agus a dhearbhú
- feabhas leanúnach i gcaighdeán an oideachais a thairgeann scoileanna a chothú
- féin-mheastóireacht agus forbairt leanúnach scoileanna agus foirne a chothú
- cinnteacht cáilíochta sa chóras oideachais a sholáthar

Agus cigireacht ábhair ar siúl in OSPS, déantar na réimsí seo a leanas, mar a bhaineann siad le hOSPS, a mheas:
(i) Cuimsíonn Soláthar Ábhar agus Tacaíocht Scoil Uile tacaíocht scoil uile don ábhar, chomh maith le hiomlonnú múinteoirí agus socruithe amchláir, soláthar acmhainní agus socruithe do rochtain daltaí.
(ii)Cuimsíonn Pleanáil agus Ullmhú pleanáil oibre agus pleanáil d'acmhainní don ábhar.
(iii) Cuimsíonn Múinteoireacht agus Foghlaim modheolaíochtaí, bainistíocht ranga, atmasféar ranga, foghlaim, rannpháirtíocht daltaí agus gnóthachtáil iomlán daltaí.
(iv)Cuimsíonn Measúnú modhanna agus torthaí measúnaithe maraon le coinneáil taifead agus tuairisciú.

Ta mion-eolas ar an bpróiséas agus ar na modhanna do chigireacht ábhar ar fáil i Treoir do Mheastóireacht Scoile Uilei Scoileanna Iarbhunoideachais. Tá an leabhrán seo ar fáil i ngach scoil agus is féidir é a íoslódáil ón rannóg Cigireachta ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta www.education.ie

Anseo thíos tá roinnt samplaí de dhea-chleachtas i soláthar OSPS a tógadh ó thuairiscí cigireachtaí ábhir a eisíodh go scoileanna:

"Is trí chomhairliúchán a ainmnítear múinteoirí don ábhar agus tógann an múinteoir céanna grúpa ranga tríd an tsraith trí bliana"

"Tá Roinn an Ábhair OSPS eagraithe go maith, agus comhordaítear í ar bhealach tiomanta,díograiseach agus éifeachtach. Bunaíodh croí-fhoireann de mhúinteoirí OSPS sa scoil, le solúbthacht a ligeann do bhaill nua bheith páirteach sa bhfoireann"

"Tacaíonn an bhainistíocht go láidir le comh-phleanáil agus tá athbhreithniú leanúnach mar ghné láidir den phleanáil"

"Forbraíodh clár comhleanúnach trí bliana oibre. Déantar an clár oibre do gach grúpa bliana a fho-roinnt ansin go modúil agus topaicí,agus imlíníonn gach topaic na torthaí foghlama, modheolaíochtaí agus acmhainní ar leith, ar bhonn seachtainiúil"

"Éascaítear agus tacaítear leis an bhfoireann chun leas a bhaint as an sain-oiliúint inseirbhíse a thacaíonn le cur i bhfeidhm rathúil OSPS"

"Forbraíodh córas a ligeann dó dhaltaí ábhair phearsanta a chomhdú agus a stóráil agus tuairiscíonn an scoil do thuismitheoirí faoi dul chun cinn daltaí in OSPS"

Anseo a leanas tá roinnt samplaí de mholtaí i dtaobh soláthar OSPS a tógadh ó thuairiscí cigireachtaí a eisíodh go scoileanna:

"Ba chóir go soláthródh an bhainistíocht socruithe amchláir OSPS do dhaltaí uile na sraithe sóisearaí, mar a éilíonn CL M11/03"

"Ba chóir na cláracha oibre comónta a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais ghrúpaí ranga ar leith"

"Ba chóir go mbreathnófaí ar chomhroinnt dhea-chleachtais i leith úsáid éifeachtach modheolaíochtaí foghlaim ó thaithí mar chuid de phleanáil ábhair"

"Ba chóir go ndéanfaí iniúchadh ar mheasúnú mar uirlis fomhlama, agus athmhachnamh daltaí agus féin-mheasúnú san áireamh, agus ba chóir go gcomhshnaidhmfí pleanáil do mheasúnú dul chun cinn daltaí agus pleanáil do mhúinteoireacht agus d'fhoghlaim"

Chun tacú le cur i bhfeidhm OSPS, spreagtar scoileanna chun leas a bhaint as an iliomad tacaí ilchineálacha atá ar fáil dóibh ó Sheirbhís Tacaíochta an OSPS.

Íocann Fireannaigh Óga Praghas Ard de bharr Easpa Fear in OSPS

Beatrice Barry Murphy



Ar an bpoinnte cuirimid an cheist... Conas gur féidir linn stop a chur le hadhlacadh na maitheasa i dteannta cnámh na bhfear?No b'fhéidir gurbh fhearr an cheist a chur mar seo...Conas gur féidir le fir deireadh a chur le ligean dá maitheas a bheith á adhlacadh idteannta a gcnámh?Cé ag a bhfuil freagra na ceiste seo?Ag fiir?Ag mná?Acu araon?Tá suim agamsa freagra a thabhairt ar an "conas" mar caillim rud éigin má adhlacann fir a gcuid maitheasa. Bainfidh mé úsáid as scéal ó mo thaithí féin chun mo fhreagra a iniúchadh.

Cúpla bliain ó shin bhí mé ag obair le grúpa daltaí fireannacha ocht mbliana déag d'aois. Féinmheas an t-ábhar a bhí á scrúdú againn. Ba í an aidhm a bhí leis an gceardlann deis a thabhairt dóibh siúd a bhí rannpháirteach ann aiseolas dearfa a thabhairt agus a fháil óna gcomhpháirtithe. Rannpháirtí amháin, glaofaidh mé Tom air, ní raibh sé ró-thógtha le OSPS. Uaireanta bhuaileadh sé liom i ndorchla na scoile,chaitheadh a shúile i dtreo na bhflaitheas agus deireadh "An stuif sin a dhéanann tú a Mháistreás... leánn sé mo cheann". Thóg Tom a áit sa "suíochán te" go drogallach. Agus a chomhpháirtithe ag tabhairt aiseolas dó faoi na nithe a thaitin leo faoi, thug mé faoi deara go raibh Tom ag éisteacht lena raibh á rá acu agus ba léir go raibh a raibh á chloisteáil aige ag dul i bhfeidhm air.Faoi dheireadh, nuair a bhí deis faighte ag gach duine de na daltaí páirt a ghlacadh sa cheacht, d'iarr mé orthu a roinnt linn mar a bhraith siad agus é á dhéanamh acu. Ba é Tom an chéad duine a bhris an tost le "Bhuel, ba mhaith liomsa díreach rud amháin a rá... agus seo é... tá an-áthas orm nár cailleadh mé sula chuala mé é sin go léir fúm féin". Mar sin bhí an fear óg seo tar éis a chloisteáil óna phiaraí faoi chuid den mhaitheas a bhí ann féin, a chuir ar a chumas dul i dteagmháil lena mhaitheas féin, agus dá bhrí sin a thug seans níos fearr dó gan ligean go n-adhlacfaí an mhaitheas seo i dteannta a chnámh.

Tá rud éigin faoi fhir bheith ag ligean dóibh féin dul i dteagmháil leis an maitheas atá iontu, sular féidir leo an mhaitheas sin a scaoileadh amach agus gan í a thabhairt leo go dtí an uaigh. Is í an cheist... Conas a ligfidh siad dóibh féin é seo a dhéanamh?Cad iad na teachtaireachtaí a fhaigheann siad a éascaíonn tógáil an ghlais fraincín seo a fhágann iad ag coinneáil a n-áilleacht istigh?Cé a dháileann teachtaireachtaí seo an scriosta?Na máithreacha?Na haithreacha?Na piaraí? Nó an triúr acu i gcomhar le chéile?

Is cúis mhór imní an easpa fear i limistéar an OSPS inár scoileanna. Agus mé ag scrollú trí liosta an 120 ainm ar sceideal oiliúna inseirbhíse an Earraigh tugaim faoi deara nach fireannach ach do dháréag den chéad fiche iarratasóirí.

Cúpla bliain ó shin agus an Clár um Chosc ar Mhí-Úsáid Substaintí(CCMS) á thabhairt agam, thug mé faoi deara chomh tréan is a dhiúltaíonn fir don mhodheolaíocht foghlaim ó thaithi a mbaintear úsáid as in OSPS. Agus mé ag comhrá ag an sos tae le duine den triúr fear a roghnaigh bheith ina rannpháirtí tháinig ionadh orm nuair a chuala mé – "Níl a fhios ag duine ar bith de na fir ar an bhfoireann seo againne go bhfuil an cineál stuif seo á dhéanamh agam". Léirigh sé an imní a bhí air faoina dhéanfadh sé dá bhfaighidís amach. Thuig mégo raibh an scéal seo ag cur as dó. Bhí faitíos ar an bhfear seo a bhí sna daicheadaí. Leanann an piarbhrú i bhfad tar éis dúinn an seomra ranga agus na déaga a fhágáil inár ndiaidh. " Forbairt Phearsant"' atá sa "chineál stuif seo"' ar labhair an fear sa ghrúpa CCMS fao,i a éascaíonn dúinn dul i dteagmháil lenár riachtainis, a cheadaíonn ár leochaileacht agus, ar deireadh, a chuireann ar ár gcumas aithne a chur ar,agus friotal a chur ar, agus feidhmiú mar an iomláine is sinne!Ní mé an mbraitheann mórán fir faoi bhagairt on ndúshlán seo?

Tá ganntanas mór fear chun OSPS a mhúineadh. Is eiseamláirí iad mná meath-aosta do chailíní agus do mhná óga. Is eiseamláirí freisin iad fir mheath-aosta do bhuachaillí agus d'fhir óga. Tá gá ag buachaillí agus ag fir óga le tacaíochtfear chun dul i ngleic leis na dúshláin agus leis na deiseanna a chuireann clár an OSPS ar fáil.

Ar deireadh – ní mheallfaidh mé, ní smachtóidh mé. Tabharfaidh mé cuireadh d'fhir teacht agus teanga OSPS a labhairt agus, níos spreagúla fós, an chonair a shiúl.

Ag Múineadh OSPS do Bhuachaillí

Mary Walsh Múinteoir, Coláiste an Spioraid Naoimh, Corcaigh

Is breá liom bheith ag múineadh OSPS!... B'fhéidir gur chóir dom an ráiteas sin a cháiliú nó ar a laghad é a chur i gcomhthéacs? Múinim Béarla, Fraincís, Drámaíocht agus OSPS. Tá cúig rang OSPSagam sa tseachtain maraon le mo "ghnáth-ábhair" agus táim ag baint an-thaitneamh as na ranganna OSPS.

Is breá liom bheith ag caint leis na buachaillí. Is breá liom a bhfuil le rá acu a chloisteáil, dúshlán a chur rompu uaireanta agus uaireanta eile iadsan ag cur dúshláin romham. Domsa tá gnéithe den rang Béarla in OSPS le ple agus tuairimíocht agus drámaíocht freisin le ról-aithris agus páirtíocht ghníomhach. Taitníonn OSPS leis na buachaillí mar, ina bhfocail féin, "bíonn seans acu labhairt" agus "is gá briseadh ón scoil". I gColáiste an Spioraid Naoimh ta príomhoide an-thacúil againn, maraon le Comhordaitheoir díograiseach diongbháilte OSPS agus foireann múinteoirí atá toilteanach an t-ábhar a mhúineadh. 'Se mo thuairim go gcinntíonn na gnéithe seo, chomh maith le ranganna beaga, go n-oibríonn an clár OSPS go réidh. Is ábhar é a bhfuil an bhainistíocht dáiríre faoi agus dá bharr sinbíonn na buachaillí freisin.

Ní féidir a shéanadh go mbíonn droch-laethanta agam. Na laethanta sin tagaim amach as an rang OSPS agus mé ag iarraidh a dhéanamh amach céard a d'éirigh liom a dhéanamh ann. Céard a mhúin mé inniu dóibh? Ach is í an fhírinne go bhféadrainn na ceisteanna céanna a chur orm féin ar dhroch-lá i ndiaidh rang Fraincíse, ach ar chúis éigin cuireann droch-lá in oifig an OSPS as domníos mó!B'fhéidir mar gur ábhar nua é nó mar gheall ar an gcineál ranga? B'fhéidir go mbaineann sé leis an bhfonn atá orm an t-ábhar a mheas nó a mheasúnú. Tá a fhios agam go mbíonn díoma orm freisin má fheicim duine de na buachaillí ag tabhairt droch-íde do bhuachaill eile agus bím ag smaoineamh dom féin, "ach rinneamar é sin sa rang OSPS. Ba chóir go mbeadh a fhios níos fearr aige gan a leithéid a dhéanamh!"

Ach is duine réadúil mé. Tuigim nár tógadh an Róimh in aon lá amháin. Táimse in OSPS don bhóthar fada agus, le bheith fírinneach, táim sásta agus cuireann sé áthas orm a bheith ann mar is dóigh liom gur féidir liom difríocht éigin a dhéanamh le OSPS. Feicim OSPS mar "mhúinteoireacht dhriogtha". Gach a dhéanaim in OSPS déanaim sa rang Fraincíse nó sa rang Béarla ar aon nós, ach sna ranganna sin tugaim tús áite don ábhar féin agus don fhoghlaim – ligeann an rang OSPS dom áfach, an leabhar a chur uaim, moilliú agus plé a dhéanamh. **Leis na daltaí féin a bhaineann an rang OSPS – tuigeann siad é sin agus tuigim freisin éagus táimid araon buíoch gur ann dó.**

Múinteoir Mary Walsh lena rang OSPS i gColáiste an Spioraid Naoimh, Baile an Easpaig, Corcaigh.

Díriú ar Fhéinmharú i gComhthéacs OSPS

John Lahiff Comhordaitheoir Náisiúnta

Ní féidir OSPS a scaradh ó chur chuige comhbhách scoil uile agus tá structúir sármhaithe tréadchúraim / tacaíochta ag formhór na scoileanna. **Cosnaíonn scoil chomhbhách i gcoinne féinmharú trí deiseanna éagsúla máistreachta agus ratha a chur ar fáil, trí chaidrimh fháilteacha ghlacthacha le daltaí agus a muintir a chothú, trí phrótacaila fhorbairt chun daltaí atá buartha a bhreathnú agus a atreorú agus chundaltaí a spreagadh chun fanacht in oideachas.**

Léiríonn aidhmeanna ginearálta OSPS cur chuige iomlánaíoch do chothúsláinte agus folláine. Éascaítear daltaí chun machnamh ar riachtanais,ar chearta agus ar fhreagrachtaí, agus tá cothú sláinte mheabhrach lárnach.

In OSPS, dírítear ar eolas, ar scileanna agus ar dhearcadh ar bhealach comhtháite. Cothaítear scileanna a bhaineann le hinniúlachtaí pearsanta, le féin-mheas, le litearthacht mhothúchánach, le cumas dáimh a bheith agam le daoine eile,le gnéasacht, le daoine agus nithe a imríonn tionchar orm, mar a dhéanaim cinntí, le cumasú, úsáid substaintí, le sábháilteacht phearsanta agus le cathain agus conas cabhair a lorg.

Tá fócas OSPS ar inniúlachtaí i gcúram don féin agus do dhaoine eile a fhorbairt, tapú leis na deiseanna a thairiscíonn an saol dúinn agus athléimneacht a chothú do na droch-laethanta. Trí úsáid a bhaint as modhanna rannpháirteacha i ranganna OSPScothaítear cultúr a spreagann daoine óga chun caint faoina mothúcháin agus chun cabhair a lorg. Pléitear topaici ar nós buaireamh aigne agus dúlagar, agus déantar tagairt do ghníomhaireachtaí cabhracha.

Má thagann ceistféinmharaithe chun cinn i gcomhthéacs OSPS téitear i ngleic leis go tuisceanach agus go hionbháúil. Más mar ghéarchás a thagann sé chun cinn, moltar bheith feasach ar an gcomhthéacs agus ar na teorainneacha atá leis an méid gur féidir díriú air go tairbhiúil sa seomra ranga. Tá sé riachtanach bheith feasach ar pé tacaí eile atá ar fáil agus ar nascanna le tacaí tréadacha na scoile agus ar pholasaí na scoile.

Daltaí i mBaol Féinmharaithe a Aithint

Daltaí i mBaol a Aithint
- Ísliú gan choinne i bhfeidhmiú acadúil.
- Smaoine/téamaí dúlagair, báis, féinmharaithe.
- Athrú taghaid agus éagobhsaíocht mhothúchánach shuntasach.
- Cumha nó strus suntasach.
- Cúlú ó chaidrimh.
- Airíonna fisiciúla le bunúdar mothúchánach.

Comharthaí Foláirimh d'Iompar Féinmharfach
- Scríobh faoi féinmharú
- Caint faoi féinmharú
- Éisteacht le hamhráin ag moladh féinmharaithe
- Obair ealaíne faoi féinmharú
- Bagairtí agus léiriú intinne
- Buartha faoi féinmharú aitheanta
- Iompar dul i riosca bagrach don bheatha
- Duine ag tabhairt earraí luachmhara uaidh

Ócáidí Baoil
- Scaradh ó chairde, buachaill/cailín"chara", páirtí ranga etc.
- Bás nó cailliúint duine a ghrátar nó duine eile suntasach.
- Deireadh chaidreamh grá.
- Coimhlint idirphearsanta nó cailliúintí
- Fadhbanna dlithiúla nó smachta
- Piarbhrú agus glacadh le hiompar féin-scriosach
- Bulaíocht agus ansmachtú
- Díomá le torthaí scoile agus teip i staidéir
- Ard-éilimh ar scoil i rith tréimhse scrúduithe
- Dífhostaíocht agus droch-mhaoiniú
- Toircheas nach dteastaíonn agus ginmhilleadh
- VEID (AIDS) nó ionfhabhtuithe eile GGT(STD)
- Tinneas coirp tromchúiseach
- Tubaistí nádúrtha.

Gníomhú
- Creid é
- Seiceáil é
- Fan suaimhneach
- Éist go gníomhach
- Taispeáin go bhfuil suim agat
- Ná habair rud éigin ar nós: "Tá sé sin amaideach".
- Ach abair rud éigin ar nós: "Inis dom a thuilleadh faoi do mhothúcháin le gur féidir liom cabhrú".
- Ná fág an dalta ina (h)aonar.
- Faigh cabhair.
- Bí macánta.
- Ná geall rúndacht.
- Téigh i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí agus teaghlaigh
- Ní gá go gciallódh daoine óga ag rá go bhfuil siad "togha" go bhfuil siad dáiríre ceart go leor.

Ról na Seirbhíse SNSO i gCosc Féinmharaithe

Ann Marie Sheehan Stiúrthóir Réigiúnda SNSO

Bunaíodh seirbhís siceolaíochta na Roinne Oideachais sna seascaidí luatha agus i 1999 ainmníodh í mar an tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais(SNSO). **Dhearbhaigh an tseirbhís siceolaíochta go láidir ón tús gur don saol an t-oideachas,agus léiríodh é seo ina cuid oibre in an-chuid réimsí den oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte.** Ní cheadaíonn spás na tionscadail éagsúla a raibh baint againn leo thar na blianta a liostú, ach bhíomar, agus táimid fós, tiomanta do shláinte mheabhrach a chothú i scoileanna agus do thacú le OSPS mar eochair chun an cuspóir sin a fhíorú.

Cé go bhfuil go leor daoine den tuairim gurb é príomh-ról SNOS measúnaithe siceolaíochta a dhéanamh (agus bíonn síor-éileamh orthu), breathnaímid i gcónaí ar chosc agus ar luath-obair idirghabhála mar ghné ríthábhachtach dár ról sa chóras oideachais. Feicimid sinn féin ag tacú le scoileanna i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm córais atá ábhartha do gach páiste e.g. modhanna scagtha a fhorbairt chun páistí le Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) a aithint, comhairle agus oiliúint ar iompar a thairiscint nó cabhrú le forbairt pholasaí. Tairgímidcomhairliúchán i dtaobh daltaí aonair nó ghrúpaí daltaí, agus oibrímid le líonraí nó le cnuasacha treoirchomhairleoirí, múinteoirí tacaíochta, múinteoirí tacaíochta foghlama agus RSO. Le treoirchomhairleoirí, mar shampla, bheadh comhairle faoi bhainistíocht cásanna ar fáil, agus comhairle faoi dhaltaí ag cur ídéú i dtaobh féinmharú i bhfriotal san áireamh.

Le dhá bhliain anuas, tugadh comhairle do líon an-mhór scoileanna maidir le forbairt Plean Bainistíochta Teagmhais Chriticiúil. Éascaíonn plean a bheith ag scoil freagairt níos éifeachtaí gcás tragóide. Tá teist mhaith go dtí seo againn ag cabhrú le scoileanna freagairt tar éis eachtra, ach ba mhaith linn go mbeadh ar ár gcumas níos mó a dhéanamh maidir le cosc. Foilseofar eagrán nua de "Freagairt ar Eachtraí Criticiúla: Treoirlínte do Scoileanna" go luath tar éis na Cásca agus tá rannóg ar leith ann faoi féinmharú, fócas ar chosc, ar chomharthaí rabhaidh agus roinnt treoirlínte i dtaobh conas gníomhú má éiríonn cúiseanna imní faoi dhaltaí ar leith san áireamh. **Leagann sé béim ar thabhacht dhea-sholáthar OSPS mar phríomh-fheithicil sláinte mheabhrach.**

Ba bhall SNSO den choiste stiúrach "Sín Amach", an plean gníomhaíochta do chosc ar féinmharú agus anois tá ionadaíocht againn ar "Shainghrúpa Chomhairligh na hOifige Náisiúnta um Chosc ar Féinmharú". Tá tús díreach curtha le pleanáil do chur i bhfeidhm eilimintí oideachasúla na straitéise.

Is é an cur chuige a mholann SNSO polasaithe agus cláir scoileanna a chothaíonn sláinte mheabhrach agus folláine a chur chun cinn; córais cúraim scoile a thugann faoi chúiseanna anachair mhothúchánach i measc daoine óga a fhorbairt; daltaí i mbaol a aithint go luath; idirghabhálacha dírithe ar an ngrúpa seo daltaí a sholáthar; agus obair ag leibhéal idir-ghníomhaireachta chun tacú le cur chun cinn meabharshláinte agus chun rochtain ar sheirbhísí atá freagrach do riachtanais daoine óga a éascú.

Rúndacht agus an Dalta... Céard faoin Rang OSPS?

Tá atmasféar scoile tacúla riachtanach má tá éifeacht le bheith ag OSPS agus má táthar chun an dalta a chosaint. I dtimpeallacht den sórt sin braitheann daoine go bhfuil meas orthu, cothaítear féinmheas, is léir gur ann do mheas, do chaoinfhulaingt agus do chothroime, bíonn meas ar uathúlacht agus ar dhifríocht agus tugtar tacaíocht dóibh siúd a mbíonn deacrachtaí acu. Tagann éiteas i gceist anseo, ina mbíonn meas ag gach ball foirne agus ag gach dalta ar a chéile agus ina mbíonn meas ar gach duine mar dhuine indibhidiúil. Céad chéim i bhforbairt a leithéid d' atmasféar is ea dréachtú rialacha bunúsacha nó Conradh Ranga. Léiríonn na rialacha / an conradh rólanna, cearta agus freagrachtaí gach éinne atá bainteach leis an bpróiséas foghlama. Tá foghlaim ó thaithí antsaoil nithiúil ag croílár OSPS agus is féidir go n-ardaítear ceisteanna goilliúnacha agus conspóideacha. Is féidir le hábhar ar bith, nach mór, bheith goilliúnach do dhuine. Ba cheart do mhúinteoirí a chur in iúl go soiléir ón tús go bhfuil sé míchuí eolas pearsanta áirithe a nochtadh.

Caithfear coincheap na rúndachta laistigh den seomra ranga a shoiléiriú. Soláthraíonn na prionsabail rúndachta a éilítear sna Treoirlinte faoi Chosaint Leanaí eiseamláir de rúndacht ar scoil i gcoitinne. Ní cóir do mhúinteoirí geallúintí rúndachta gan choinníollacha a thabhairt. Ba chóir go míneofaí do dhaltaí go mb'fhéidir go gcaithfeadh an múinteoir comhairle a lorg ar chuinsí áirithe ar cheist a ardaíodh sa rang nó insint do dhuine éigin faoinar nochtadh sa rang (e.g. an" Duine Idirchaidrimh Ainmnithe" [DIA] a insint i gcásanna a bhaineann le cosaint leanaí). Roinntear eolas de réir prionsabal "Ar Bhonn Riachtanais". Dearbhaíonn Treoirlínte na Roinne Oideachais agus Eolaíochta faoi Chosaint Leanaí: "Ní gá go mbeadh a fhios ag aon duine, seachas iad siúd a bhfuil baint dhíreach acu le láimhseáil ábhair ar leith". Nuair a tharlaíonn sé seo tá sé riachtanach go dtuigfidh daltaí go soiléir céard a dhéanfar leis an eolas agus cé ag a mbeidh rochtain air.

Thairiis sin, ba chóir go gcuirfeadh an scoil an cheist cé mhéad eolas faoi shaol príobháideach dhalta atá riachtanach chun cúram a dhéanamh de agus chun meas a thaispeáint dó. Tá sé tábhachtach go n-aithneoimis nach gá go mbeadh mioneolas againn ar nithe pearsanta i saol dalta chun caitheamh leis ar bhealach a léiríonn meas, comhbhá agus tacaíocht dó.

Mar mhúinteoirí, dá mbeadh tarlúintí inár saol pearsanta féin a d'fhéadfadh cur isteach ar ár ngáth-bhealach feidhmithe, an aontóimis go gcaithfeadh an t-eolas sin a bheith ag ár rang agus ag ár gcomhghleacaithe le go bhféadfaidís tacú linn le meas?

Caithfidh meas a bheith ag múinteoirí ar phríobháideacht gach dalta agus a m(h)uintir agus teorainneacha soiléire a leagan síos do gach díospóireacht. Ba chóir go gcuirfí daltaí ar an eolas maidir le tábhacht a bpríobháideacht féin agus príobháideacht a muintire. Baineann an rang OSPS le forbairt scileanna, le dáileadh eolais agus le machnamh ar dhearcaidh lecabhair Siollabais chinnte agus Treoirlínte. Ní "sciob sceab" gan rialacha ná teorainneacha é. **Tá sé tábhachtach nach ndéantar "rang béadáin" do dhaltai as, nó "lón béadáin" a sholáthar don seomra foirne.** Ní hé an rang OSPS an comhthéacs chun faisnéis phearsanta phríobháideach a nochtadh ach ba chóir go gcuirfí daltaí ar an eolas i dtaobh structúir thacaíochta na scoile dá mbeadh cabhair uathu.

Caithfidh scoileanna a ndearca i leith agus a bpolasaí ar rúndacht a shoiléiriú agus a thaifead. Tá sé riachtanach go mbeadh gach duine de phobal na scoile soiléir i dtaobh rialacha rúndachta. Ní cóir go scaipfí eolas i dtaobh daltaí gan idirdhealú.

Na Cúiseanna go bhfuil Úsáid Bhearta Scanraithe Neamhéifeachtach in Oideachas Sláinte

Is minic a shíleann múinteoirí, tuismitheoirí, fostóirí agus go deimhin, comhlachtaí rialtais go bhfuil '"luach a gcuid airgid" á fháil acu as caint nó fógra a théann i bhfeidhm láithreach ar a lucht éisteachta nó féachana – a shuaitheann ónár mbogás muid i dtaobh tógáil drugaí, ólachán, tiomáint chontúirteach etc.

Dáiríre, is beag teacht aniar nó éifeacht ar athrú iompair atá ag a leithéid de theachtaireachtaí "ard-thionchar". Fillfidh formhór na ndaoine ar a n-iompair roimhe seo ainneoin gur suaitheadh nó gur corraíodh go mór iad ag feachtais nó teachtaireachtaí dá leithéid. Cé gurb eol dúinn é seo anois le breis is tríocha bliain, is minic a leanann oideachasóirí orthu ag brath ar fheasacht baoil agus ar rabhaidh léanmhara mar chnámh droma oideachas sláinte. Cén fáth?Mar go bhfuil dealramh "ciall choiteann" air.. "tabhair na mion-sonraí téacht-fhuilteacha dóibh, rianaigh an chontúirt agus athróidh an t- iompar". Is ionann an t-athrú iompair atá á lorg anseo agus tiontú obann creidimh, síolteagasc nó níochán inchinne!Cé go mb'fhéidir go n-ardaítear leibhéil feasachta sna cásannaseo; ní hionann feasacht sláinte agus oideachas sláinte.

Is amhlaidh gur féidir go mbíonn na tionchair seo a leanas ag baint le húsáid bhearta scanraithe:

Tuirse rabhaidh
Téann daoine i dtaithí agus imdhíonta ar na teachtaireachtaí ma chloiseann siad ró-mhinic iad, agus dá dheasca sin tarlaíonn laghdú freagartha go dtí, ar deireadh, nach dtugann siad aird ar bith orthu.

Priacal-fhóibe
Bíonn daoine chomh soghortaithe ag teachtaireachtaí sceonmhara go n-eiríonn siad chomh faiteach (paranóideach) agus chomh himníochfaoi na contúirtí ina saol laethúil agus ina dtimpeallacht go dtí go mbraitheann siad go hiomlán neamhchumasach.

Náiriú agus Milleán á chur ar an Íospartach
These messages are not helpful to either the target audience or the general public and can lead to new outcasts. For example, the portrayal of people in wheelchairs aimed at stopping young male drivers speeding stigmatises people with a disability.

Tionchar na dtorthaí cosctha / Siondróm Jaws
Freagairt choitianta eile ar theachtaireachtaí sceonmhara is ea dúil níos láidre a chur sa substaint nó sa ghníomhaíocht "chosctha". Is féidir go mbíonn dúshlánacht réamhbheartaithe mar thoradh ar bhearta scanraithe nó thoirmisc, go háirithe i measc déagóirí. Go fiú déanann siad iarracht níos mó den iompar tógáil riosca a dhéanamh.

An Géilleadh
Tá an riosca a léirítear chomh cumasach agus chomh forleatach go n-éiríonn daoine as bheith ag iarraidh iad féin a chosaint agus go mbraitheann siad nach bhfuil smacht acu ar chúrsaí. "Tugann gach uile rud an ailse (nó pé rud é) dúinn, mar sin, céard is fiú bheith buartha faoi!"

Céard a chabhraíonn chun iompar a athrú?
- Spreagadh (cúis nó riachtanas)
- Faisnéis (eolas/céard atá le déanamh)
- Scileanna don athrú (a thuiscint conas é a dhéanamh)
- Timpeallacht chumasúcháin (tacaíocht a bheith ann)

Mar a d'fhéadfadh an clár OSPS cabhrú sa phróiséas seo athruithe iompair:
- Is clár bíseach agus forbarthach é agus ní eachtra aonuaire é nó sraith eachtraí nó topaicí gan cheangal (tógann athrú iompair am, is próiséas é, ní tiontú 'láithreach')
- Tugann sé am agus spás do dhaoine óga machnamh agus plé a dhéanamh agus féachaint ar na nithe a spreagann iad, a mbíonn tionchar acu orthu, ar a luachanna agus a ndearcaidh, mar a mhúnlaíodh na luachanna agus dearcaidh seo agus an tionchar a bhíonn acu sin ar a roghanna sláinte sa saol.
- Cothaíonn sé féinmheas
- Díríonn sé ar dhearcaidh agus ar iompair chomh maith le ar eolas
- Tá sé bunaithe ar thaighde maith agus ar theoiric chiallmhar faoi chur chuigí a oibríonn
- Tá sé oiriúnach d'aois agus do chéim foráis iomchuí
- Baineann sé úsáid as modhanna múinteoireachta idirghníomhacha,dinimiciúla
- Múineann sé scileanna ar nós scileanna éisteachta, scileanna féintreallúis, scileanna tógáil cinní freagracha agus scileanna mhachnaimh
- Soláthraíonn sé atmasféar tacúil inar féidir le daltaí iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le sláinte agus roghanna oilte a dhéanamh.

Tagairtí: Jones et al. Health Promotion Messages – to scare or not to scare (Páipéar Neamhfhoilsithe).
Galahad SMSLtd/AERC 2005 – Aclohol Education – A guide for teachers, employers and other programme developers.

Tábhacht an mhuinteora in OSPS

I staidéar a rinneadh sa bhliain 2004 ar thaithí dhaltaí Éireannacha ar OSPS líon 331 daltaí Céad agus Dara Bliaina ar fud na tíre ceistneoiríagus ghlac 42 páirt i bhfócas-ghrúpaí beaga ar a dtaithí ar an gclár OSPS. De réir mar a deineadh ainilís ar eilimintí éagsúla an taighde seo agus mar a deineadh athscagadh ar na téamaí agus ar na treochtaí a bhí ag teacht chun solais, tháinig mórthoradh amháin chun cinn. **Is é an múinteoir an athróg is tábhachtaí i dtaithí dhaoine óga ar OSPS**. Agus is é an rud is tábhachtaí i súile na ndaltaí faoina múinteoirí go léireoidís go bhfuil meas acu orthu agus go gcinnteoidís, trí smacht cothrom, go dteaispeáinfeadh na daltaí go léir go bhfuil meas acu ar a chéile, go mbeadh cion acu ar a gcuid daltaí, go mbeidís féaráilte, nach mbeidís crosta, go mbeadh meas acu ar rúndacht, go mbeadh spraoi ag baint leo, go n-éisteoidís le tuairimí na ndaltaí agus nach mbeidís ag seanmóireacht leo. Leaganacha éagsúla den liosta seo a tháinig chun cinn arís is arís eile, sna ceisteanna oscailte agus sna fócasghrúpaí araon.

Tháinig torthaí den sórt céanna chun cinn i roinnt foillseacháin le déanaí freisin. Scríobh Smyth "Mura gcuirtear tacaíocht faoi chláir fhoirmeálta chun tréadchúram agus forbairt daltaí a fheabhsú laistigh den scoil tri bhéim a leagan ar idirghníomhaíochtdhearfa dalta–múinteoir ag leibhéal neamhfhoirmeálta is é is dóichí go mbeidh áirgiúlacht theoranta ag baint leo."I staidéar ar OSPS éifeachtach in Albain agus i Sasana, ba é ceann de chonclúidí Coggans agus McKellar go bhfuil ceangal suntasach idir mhéadú ar chumasú sláinte agus chaidreamh agus meas idir fhoireann agus dhaltaí. Tá macalla den chineál céanna measa seo ó dhaltaí i staidéar ó 1999 ar cé ba chóir a bheith ag múineadh OSPS; múinteoir a bhfuil "meas air" mar "éistfidh gach duine lena bhfuil le rá acu".

Tugtar aitheantas do ról lárnach seo muinteoirí i gcláir éifeachtacha OSPS i gCuraclam OSPS na Roinne Oideachais agus Eolaíochta nuair a deir sé " tá gach cineál múinteoireachta dúshlánach ach dúshlán ar leith atá i múineadh OSPS, a éilíonn réimse scileanna agus céim ard íogaireachta". **Ní féidir meas ró-mhór a léiriú don tábhacht a bhaineann le forbairt croíghrúpa múinteoirí oilte OSPS**.

Smyth, E. Do Schools Differ? Academic and Personal Development among Pupils in Second-Level Sector, ERSI (Dublin: Oak Tree Press, 1000) p.224

Coggans, N. and McKellar, S. Health Promoting Schools: An Investigating into the Wider Context of Health Education in Schools, (Glasgow: Department of Pharmaceutical Sciences, University of Strathclyde, 1996)

"Who Should Teach PSHE?" Healthlines Magazine, 1999, Vol. 58, pp.16-17, p.17

Ireland, SPHE Curriculum, (Dublin: Government Stationery Office, 2000) p.6

Tá Oideachas Sóisialta, Mothúchánach agus Pearsanta Lárnach i bhFeabhsú Scoileanna

Katherine Weare Ollscoil Southhampton

Aithníonn scoileanna tuisceanacha nach imeallach iad aidhmeanna an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte, ach a mhalairt. Tá siad iomlán lárnach dá mbunchuspóir foghlaimeoirí éifeachtúla a chruthú, a bheidh dea-chothramaithe, eiticiúil agus gníomhach, agus ábalta a n-áit a ghlacadh sa tsochaí. Déanfaidh an páipéar gairid seo iniúchadh éigin ar an mbaint atá ag oideachas mothúchánach agus sóisialta le trí ghné de bhunghnó scoileanna – foghlaim, iompar agus éifeacht foirne.

Tá tosca mothúchánacha agus sóisialta ag croí an phróisis foghlama agus tacaíonn siad go díreach le foghlaim. Tá taighde nua in eolaíocht an néarchórais faoin gcaoi ina phróiseálann an inchinn eolas ag imirt tionchar réabhlóideach ar ár smaointeoireacht trína thaispeáint gur ball mothúchánach seachas réasúnach atá go bunúsach san inchinn (Damasio, 2000, LeDoux, 1998). Tá a fhios againn anois, mar shampla, nach dtugann daoine aird ach ar a bhfuil brí mothúchánach leis, go gcoisceann strus machnamh agus foghlaim, agus nach féidir le réasúnaíocht fónta ná cinnteoireacht bheith saor ó mhothúchán – caithfidh siad bheith bunaithe ar mheasúnú fiúntais atá go bunúsach mothúchánach. Má tá foghlaimeoirí chun freagrú do thaithí, cuimhneamh air agus athrú dá bharr, caithfidh an fhoghlaim a bheith comhéignithe go pearsanta, braite go domhain agus fíor-nithiúil. Tá fianaise an naisc seo ag teacht chun solais i dtorthaí acadúla páistí agus ag cur faoi deara do scoileanna dúiseacht agus aird a thabhairt ar réimse ar bhéas leo neamhshuim a dhéanamh demar go raibh sé bog agus imeallach.

Is iomaí clár foghlama shóisialta agus mhothúchánaigh a shíleann, agus a n-éiríonn leo, feabhas a chur ar iompar pháistí i scoileanna agus i seomraí ranga, ar a ndearcadh i leith na scoile agus ar a ndearcadh ina leith féin mar fhoghlaimeoirí, agus a mbíonn réimse leathan tairbhí oideachasúla mar thoradh orthu, ina measc feabhsú ar thinreamh scoile, ardú inspreagtha agus meanmnan.

Cuireann scileanna sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta le héifeacht agus le folláine múinteoirí. Má tá foirne scoileanna ag iarraidh cabhrú le daltaí scileanna sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta a fhorbairt, caithfidh na scileanna seo a bheith acu féin freisin.Cuireann na scileanna seo le hinniúlacht ghairmiúil maraon le foghlaim mar gur gníomhaíocht shóisialta í an mhúinteoireacht go bunúsach, a éilíonn leibhéil ardaíogaireachta mothúchánaí, féin-bhainistíocht mhaith, ionbhá agus cumas déanta caidreamh. Léiríodh go mbíonn dea-thionchar ag cláir a chothaíonn scileanna sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta ar fholláine foirne, agus go gcabhraíonn siad dul i ngleic le leibhéil arda agus méadaitheacha strus foirne (DfES 2003) agus cur le coinneáil foirne.

Mar thoradh ar an fhianaise seo atá ag teacht chun cinn ar lárnacht oideachas sóisialta agus mothúchanach i scoileanna, tá obair ag forbairt go tapa, faoi cheannteidil ar nós éirim mhothúchánach sna Stáit Aontaithe (SAM), litearthacht mhothúchánach sa Bhreatain Mhór (BM), foghlaim sóisialta agus mothúchánach (SAM), gnéithe sóisialta agus mothúchánacha foghlama (BM), scileanna pearsanta (BM), scileanna saoil/chun deileáil le deacrachtaí (san Eoraip) agus athléimneacht (san Astráil). Ach ní bhíonn gach clár in aon chor éifeachtach. Caithfidh cláir a bheith bunaithe ar fhianaise.Tá tréithe chlár éifeachtacha aitheanta ag roinnt tuairiscí idirnáisiúnta (Elias, 1997; Weare and Gray, 2003); Durlak and Wells, 1997; Wells et al, 2003) agus léiríonn siad go mbíonn na cláir seo:

- comhtháite agus pleanáilte go maith.
- dírithe ar phobal uile na scoile, ní hamháin ag daltaí le fadhbanna.
- Bíonn cur chuige scoil uile acu, ag comhtháthú foghlaim mothúchánach agus sóisialta agus folláine i ngach gné de shaol agus d'obair na scoile.
- Cruthaíonn siad atmasféir oiriúnacha a chothaíonn caidrimh mhaithe, a spreagann comhpháirtíocht, a ligeann do dhaoine machnamh a dhéanamh dóibh féin, agus a sholáthraíonn rialacha soiléire agus ionchais dhearfa.
- Cuimsíonn siad léir-mhúineadh / fhoghlaim chun eochair-scileanna, dearcaidh agus iompair a fhorbairt, i measc daltaí agus foirne.
- Baineann siad le daltaí, tuismitheoirí agus leis an bpobal.
- Tacaíonn gníomhaireachtaí seachtracha leo, ag obair le chéile ar bhealach comhordaithe.
- Tosaíonn siad go luath ('sé sin, sa Bhunscoil), maireann siad ar feadh roinnt mhaith blianta agus ní bhíonn siad ag súil le torthaí ar an toirt.
- Chomh maith le cur chuige uilíoch a chur ar fáil do chách, aithníonn siad agus díríonn siad ar ghrúpaí leochaileacha agus i mbaol agus tugann siad faoi fhadhbanna mhothúchánacha, sóisialta agus iompraíochta nuair a chéad léirítear iad.

Ina leabhar Emotional Intelligence,i 1996, rinne Goleman mór-thuairisciú ar an bhfianaise agusbhain de thátal as gur mó an tionchar a bhíonn ag ábaltachtaí mothúchána agus sóisialta ná ag gnáth éirim (IQ) ar rath ar scoil, maraon le rath pearsanta agus rath gairme. Níl na himpleachtaí anseo ach ar tí tionchar mór a imirt ar an oideachas príomhshrutha, agus d'fhéadfaidís ár ndearcadh i leith an ról atá ag OSPS i bhfeabhsú scoileanna a athrú ó bhonn.

TAGAIRTÍ

- Damasio. A. (2000) The Feeling of What Happens. London: Vintage.
- DfES (Department for Education and Skills) (2003). Staff Health and Well Being. London: DfES.
- Durlak, J., and Wells, A. (1997) 'Primary prevention mental health programs for children and adolescents: a meta-analytic review.' American Journal of Community Psychology, 25 (2), 115-152.Elias, M., Zins, J. and Weissberg, R. (1997) Promoting Social and Emotional Learning: Guidelines for Educators. Illinois: ASCD
- Goleman, D. (1996) Emotional Intelligence. London: Bloomsbury.
- LeDoux, J. (1998) The Emotional Brain.London: Phoenix.
Weare, K. (2000) Promoting mental, emotional and social health – a whole school approach. London: Routledge.
- Weare, K. and Gray, G. (2003) What Works in Promoting Children's Emotional and Social Competence?Report for the Department of Education and Skills, London.
- Weare, K. (2004) Developing the emotionally literate school. London: Sage.
- Wells, J., Barlow, J. and Stewart-Brown, S. (2003) 'A systematic review of universal approaches to mental health promotion in schools'. Health Education 103(4): 220

Céard a Chuireann Rath ar OSPS?

Máire ní hAinifin, Aire Oideachais agus Eolaíochta agus Rachel Comerford, Iarbhunscoil na Trócaire, Inse Chór.

Sheol An Roinn Oideachais agus Eolaíochta maraon leis An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime "OCG (Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta) i gcomhthéacs OSPS: Measúnú ar na Dúshláin a Bhaineann leis an gClár a chur i bhFeidhm go hIomlán in Iarbhunscoileanna"ar an 13ú Márta, 2007.Tá sé bunaithe ar thaighde a rinneadh in Iarbhunscoileanna Éireannacha idir dheireadh 2004 agus 2006.

Fuarthas amach go bhfuil baint lárnach ag ról an phríomhoide le rath OCG inár scoileanna. Chomh maith leis sin aithníonn na taighdeoirí cuid de na saintréithe a imríonn tionchar ar chur i bhfeidhm Chlár an Oideachais Chaidrimh agus Ghnéasachta in iarbhunscoileanna. Cuirtear iad seo i láthair ar chontanam ó chur i bhfeidhm íseal-leibhéal go hardleibhéal. Mar gur comhpháirt den OSPS an OCG baineann na príomhtréithe seo leis an OSPS ina iomláine.

Tá claonadh ag scoileanna a bhfuil leibhéal íseal cur i bhfeidhm OSPS acu iad féin a shuí i dtreo an taoibh chlé den chairt seo. Moltar gur féidir cur i bhfeidhm níos éifeachtaí OSPS / OCG a bhaint amach trí do scoil a bhogadh i dtreo na láimhe deise ar an méid gur féidir de na saintréithe seo.

Contanam cur i bhfeidhm / soláthar OCG in Iarbhunscoileanna

Saintréith	Cur i bhfeidhm íseal-leibhéal	Cur i bhfeidhm ardleibhéal
Comhordú OSPS/OCG	Comhordú OSPS ar leibhéal íseal sa scoil / uaireanta ní hann do chomhordaitheoir OSPS.	Comhordaitheoir OSPS ceaptha agus tiomanta, a oibríonn le múinteoirí OSPS agus leis an bhfoireann iomlán chun tosaíocht a thabhairt do OSPS agus do OCG. Ainmnítear comhordú OSPS mar phost freagrachta laistigh den scoil.
Páirtíocht tuismitheoirí	Beagán nó easpa comhairliúchán le tuismitheoirí ar ábhar OCG nó nuair a bhíonn polasaí á cheapadh.	Téitear i gcomhairle le tuismitheoirí nuair a bhíonn polasaí á dhréachtadh. Tugtar eolas rialta do thuismitheoirí i dtaobh ábhair OCG.
Stádas	Ní aithnítear luach OCG/OSPS i measc pobal na scoile. Bíonn an comhordaitheoir agus na múinteoirí ag streachailt leo in atmasféar atá défhiúsach i leith an ábhair.	Tugann gach ball foirne tosaíocht do OSPS/OCG agus aithníonn a luach. Tá stádas ag an ábhar i bpleanáil "gnó" na scoile go ginearálta agus i measc na ndaltaí freisin.
Oiliúint mhúinteoirí	Is beag múinteoir, más ann dóibh in aon chor, a fhaigheann oiliúint agus OCG/OSPS á mhúineadh acu. Easpa eolais faoi oiliúint. Níl fáil ar sheirbhísí breise oiliúna.	Grúpa múinteoirí trealmhaithe go maith ag baint úsáide as mhodheolaíochtaí foghlaim ó thaithí do OCG. Cuireann an scoil maoiniú breise ar fáil d'oiliúint i measc iomlán na foirne. Múinteoirí ag baint úsáide as a n-am pearsanta le haghaidh oiliúint in OCG/OSPS. Ardleibhéal rochtana ar sheirbhísí breise oiliúna.
Compord mhúinteoirí	OCG á sheachaint go hiomlán, nach mór, ag múinteoirí de bharr míchompoird phearsanta i leith ghnéasacht mar thopaic. Easpa polasaí OCGsa scoil agus leisce úsáid a bhaint as mhodheolaíochtaí foghlaim ó thaithí. Faitíos roimh amhras tusimitheoirí de bharr droch-chumarsáide agus easpa soiléireachta maidir le héiteas na scoile.	Tugtar aghaidh go dearfach ar gach ceist a bhaineann le OCG. Oilte in oscailteacht agus rúndacht a éascú i measc daltaí. Leibhéal pearsanta muiníne agus ceisteanna éitis á idirbheartú. Tacaíocht ó pholasaí soiléir OCG/bainistíocht na scoile agus caidreamh oscailte soiléir le tuismitheoirí.
Soiléireacht i measc múinteoirí faoinar féidir a mhúineadh	Bíonn múinteoirí an-imníoch faoi na topaicí gur féidir leo tabhairt fúthu "gan chontúirt" agus dá bharr sin seachnaíonn gnéithe áirithe nó gach gné de mhúineadh OCG.	Tá múinteoirí muiníneach i dtaobh theorainneacha inghlacthachta i múineadh OCG agus gluaiseann go compordach trí gach gné de chlár an OCG de réir pholasaí OCG na scoile.
Léargais agus tuiscint daltaí	Braitheann daltaí go bhfuil múinteoirí neamh-fhéinchúiseach agus míchompordach le OCG; míshásta lena bhfuil á mhúineadh agus gan taithí acu ar phlé oscailte ar chaidrimh agus ghnéasacht. Ni théitear i gcomhairle leo i dtaobh pholasaí OCG ná i dtaobh an chláir.	Tá muinín ag daltaí as a múinteoirí OCG agus baineann taitneamh as ranganna OCG. Tá siad sásta go leor nó an-shásta le hábhar an chláir agus go hiondúil braitheann siad ar a gcompord agus ábalta caidrimh agus gnéasacht a phle. Téitear i gcomhairle le daltaí i dtaobh pholasaí OCG agus i dtaobh an chláir, b'fhéidir trí chóras Chomhairle na nDaltaí.
Tacaíocht Scoil-uile	Easpa suime pearsanta in OCG ag go leor den fhoireann. Leibhéil ísle cumarsáide agus tuisceana i dtaobh oiliúint OCG/OSPS agus fhorbairt phearsanta. Mór-dheacrachtaí le roghnú múinteoirí. Beagán nó easpa bainteacht tuismitheoirí.	Líon mór foirne oilte in OCG/ OSPS. Leibhéal ard oscailteachta agus solúbthachta maidir le múineadh agus socruithe amchláir OCG. Pleanáil agus measúnú rialta ar dhul chun cinn OCG, roinnt smaointe agus "tacaíocht mhórálta". Gníomhach agus dearfa ag imlíniú do thuismitheoirí mar a mhúintear OCG.

Mayock, Kitching, Morgan (2007);OCG i gComhthéacs OSPS:Measúnú ar na dúshláin a bhaineann le cur i bhfeidhm iomlán an chláir in iarbhunscoileanna;An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An Ghníomhaireacht Um Thoirchis Ghéarchéime. Nóta: Tá cóip den tuairisc iolán (maraon le roinnt cóipeanna achoimre) á sheoladh go dtí gach Iarbhunscoil.

More Than A Phase – Treoirleabhrán Acmhainní i dtaobh Chuimsiú Foghlaimeoirí Óga Leisbeacha, Aeracha, Déghnéasacha agus Trasinscneacha

Frances Shearer Comhordaitheoir OCG

Forbraíodh an treoirleabhrán acmhainní More than a Phase –an eagraíocht 'Pobal' a d'fhorbair – agus cuireadh go dtí na scoileanna go léir é déanach i mí Dheireadh Fómhair '06.

Is í an aidhm atá leis an leabhrán cabhrú le scoileanna lán-chuimsiú daltaí ógá leisbeacha, areacha, déghnéasacha agus trasinscneacha a chinntiú. Is i bhfoirm fillteáinshoiléir, sholáimhsithe atá an acmhainn seo. Díríonn sé ar cheithre ghné de shaol na scoile gur gá scrúdú a dhéanamh orthu:Polasaithe, Nósanna Imeachta, Cláir agus Timpeallacht Fhisiciúil.

Iarrann an rannóg ar Pholasaithe ar scoileanna a gcuid polasaithe ábhartha go léir a bhreathnú le cinntiú go ndéantar daoine óga aeracha a chuimsiú go follasach. Tá eolas úsáideach ar conas déileáil le bulaíocht hóimeafóibeach agus le ciapadh sa rannóg ar Nósanna Imeachta. Iarrann an rannóg ar Chláir ar scoileanna breathnú an gcothaíonn na cláir atá á thairiscint acu cuimsiú agus éagsúlacht. Agus ar deireadh, tugann an rannóg ar Thimpeallacht Fhisiciúil seicliosta de cheisteanna a bhaineann le sábháilteacht fhisiciúil daoine óga aeracha i scoileanna.

Déanannan eilimint Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) de OSPS iarracht cabhrú le daoine óga a ngnéasacht féin agus gnéasacht daoine eile a thuiscint agus meas a léiriú ina leith.Tairiscíonn an tSeirbhís Thacaíochta OSPS Iaethanta oiliúna ar gach gné de OCG, gnéasacht agus claonadh gnéasach.

Chun eolas a fháil féach ar shuíomh gréasáin OSPS: www.sphe.ie nó Oifig OCG, Ionad Oideachais Dhroim Chonrach: 01 8576400 / 8576422

Lá Frithbhulaíochta i Luimneach

Anne Kelly Comhordaitheoir OSPS
Christina Faust Múinteoir Acmhainne

D'eagraigh Pobalscoil Eoin Baiste, An Spidéal, Co. Luimní imeacht frithbhulaíochta i rith na scoilbliana 05/06, de bharr a bpolasaí i leith bulaíochta a leasú chun dáta.

Ag an tús bhíomar thar a bheith uaillmhianach agus shíleamar go mbeadh seachtain frithbhulaíochta go maith mar smaoineamh. Thairg múinteoirí ó gach réimse ábhair a gcabhair go deonach chun nascadh linn i ndearadh ceachtanna agus d'aontaigh gach ball foirne comhoibriú linn.

Thuigeamar go tapa go raibh seachtain frithbhulaíochta ró-uaillmhianach don chéad iarracht agus mar sin shoraíomar ar an 23ú Eanáir mar 'Lá Frithbhulaíochta'. Aontaíodh ar an bplean gníomhaíochta seo:

- Ba cheart go mbeadh ionchur i leith bulaíochta ó gach rang an lá sin, forbhreathnú ar an bpolasaí frithbhulaíochta san áireamh.
- Níor cheart go mbeadh an iomarca oibre le hábhair nach raibh taithí acu orthu le déanamh ag múinteoir ar bith.
- Chaithfeadh ceachtanna a bheith oiriúnach d'aois na ndaltaí agus nótaí múinteora a bheith ag dul leo.
- Níor cheart go mbeadh athdhéanamh ar obair deineadh cheana i ranganna OSPS i gceist sna hábhair a bheadh in úsáid.
- Dhéanfaí fótachóipeáil do mhúinteoirí ar na hábhair go léir, billeoga eolais do na daltai san áireamh.

Bheartaíomar ar chúig cheacht éagsúla, i.e. ceann do gach grúpa bliana. Bhí billeoga oibre, ról-aithrisí, postaeirí agus díospóireachtaí ag dul le gach ceann acu. Fuarthas na hábhair laistigh den scoil nó ordaíodh ón taobh amuigh iad nuair ba ghá. Bheartaíomar go mbeadh a gceacht frith-bhulaíochta ag gach dalta ag 10.15am agus go dtabharfadh an múinteoir a raibh an rang acu ag an am sin an ceacht. Mar sin bheidís go léir ina múinteoirí OSPS ar feadh 40 noiméad!

Rinneamar fóacóipeáil ar na hábhair go léir agus thugamar amach go dtí na múinteoirí iad an lá roimh an Lá Frithbhulaíochta. Má bhí imní orthu ní duirt siad focal, ach rinne siad mar a dhéanfadh múinteoirí fíor-ghairmiúla,mar sin atá iontu. Bhí ionadh ar na daltaí nuair a dúirt a múinteoir Eolaíochta/Matamaitice/ Béarla etc. leo a leabhair a chur uathu mar "go bhfuil ceacht an lae inniu ar fhrithbhulaíocht"!

Níor ghá dúinn an imní. Chuaigh gach rud ar aghaidh go réidh. **Thaitin an dúshlán go mór leis an bhfoireann. Dúirt cuid acu go raibh ionadh orthu faoi chomh hoscailte is a bhí na daltaí agus shíl siad gur bhreathnaigh siad ar a chéile ar bhealach nua.** Cinnte bhí atmasféar spreagthachta ag am sosa nuair a bhí an fhoireann ag plé mar a tharla dóibh.

Táimid ag tnúth le forbairt a dhéanamh ar ár La Frithbhulaíochta amach anseo.

Itheacháin Sláintiúil i gColáite Pobail BhuiríosUí Chéin

Freastalaíonn Coláiste Pobail Bhuiríos UÍ Chéin ar os cionn ceithre chéad daltaí ó scoilcheantar tuaithe don chuid is mó. Taistealaíonn formhór na ndaltaí chun na scoile ar bhus agus sroicheann siad an scoil ag 8.15 ar maidin agus fanann siad ar thailte na scoile i rith am lóin.

I 1999 beartaíodh áiseanna cheaintín na ndaltaí a uasghrádú. Ag an am sin chuir Cumann na dTuismitheoirí suim sa tionscadal agus thóg siad ceaintín le suíocháin do gach dalta ag am lóin. Tógadh cistin úrscothach an bhliain dár gcionn. Sáraíonn na háiseanna atá anois againn treoirlínte reatha na Roinne Oideachais i leith áiseanna cheaintín agus itheacháin i scoileanna nua go mór. Oibreoir príobháideach ata i mbun an cheaintín agus sa chéad trí bliana baiad sceallóga an mír bia ba mhó díol. Bhí imní ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí faoin gcineál bia a bhí ar fáil sa cheaintín agus bunaíodh coiste chun an scéal a athbhreithniú. Beirt mhúinteoiri, beirt thuismitheoirí ó choiste na dtuismitheoirí, beirt dhaltaí ó chomhairle na ndaltaí agus bainisteoir an cheaintín a bhí ar an gcoiste. Tháinig diaitéiteach ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte isteach ar an gcoiste agus thug comhairle maidir le dréachtú Pholasaí Itheacháin Shláintiúil. Mar chuid de cheapadh an pholasaí rinneadh suirbhé i measc daltaíi dtaobh an chinéal bia gur mhaith leo a bheith ar fáil.

Gné thábhachtach d'fhorbairt an pholasaí ab ea múscailt feasachta i measc daltaíi dtaobh an chiall ata le hItheacháin Sláintiúil. Deineadh é seo trí Sheachtain Itheacháin Shláintiúil a eagrú sa scoil. Tháinig an Bord Bia ar cuairt chun na scoile agus thug cainteanna do na daltaí ar an topaic. Bhi comórtas postaeirí againn i rith na seachtaine agus duaiseanna do roinnt daltaí.

Athraíodh biachlár an cheaintín go hiomlán agus anois tá dinnéir ar fáil gach lá ag am lóin. Ní chosnaíonn siad ach €2.50 agus tá nithe ar nós sicín, glasraí agus prátai, lasagne, pióg an aoire, iasc, curaí sicín etc ar fáil. Tá réimse iomlán rollóga agus ceapairí ar fáil ag sos na maidine agus ag am lóin. Ní díoltar deochanna súilíneacha na milseáin. Bíonn sceallóga ar fáil lá amháin gach seachtain, mar phléisiúr. Bíonn an ceaintín ar oscailt gach maidin sula dtosaíonn ranganna agus is féidir le daltaí deoch the agusgránaigh bhricfeásta a cheannach. Tá an scoil páirteach sa Chlár Béilí Scoile a cheadaíonn do roinnt daltaí béile am lóin a fháil saor in aisce.

Tá sé tábhachtachidé Itheacháin Shláintiúil a choinneáil beo sa scoil i gcónaí agus a chur chun cinn ag amanna éagsúla. I rith na bliana seo caite eagraíodh lá chothuithe éisc nuair a chuir BIM cainteanna ar Itheachán Sláintiúil ar siúl do na daltaí go léir agus thug béile éisc saor do na daltaí agus don fhoireann go léir.

Tá rath ar Itheacháin Sláintiúil i gColáite Pobail Bhuiríos Uí Chéin de bharr baint a bheith ag na páirtnéirí go léir leis -daltaí, múinteoirí, tuismitheoirí, foireann an cheaintín, agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – agus i gcothú na topaice ar bhonn leanúnach.

Ról OSPS i Sláinte Mhothúchánach agus Mheabhrach

Gerry Farrell Síciteiripeoir

Seachas tinneas síciatrach, is iad an ABC de Bhacanna ar Dhea-Shláinte Mhothúchánach agus MheabhrachAndúile, Méala agus Coimhlint. Léiríonn an trí dheamhan seo na bagairtí is mó i leith sláinte mhothúchánach agus mheabhrach daoine óga. Déanta na fírinne, ag breathnú siar dom ar níos mó ná tríocha bliain de chleachtadh mar shíciteiripeoir ní féidir liom cuimhneamh fiú ar cháschuntas amháin nach bhféadfaí a chur i gceann amháin den trí rang seo.

Ceann de na nithe is suntasaí faoi dhaoine óga i gcomhairleoireacht is ea mar a théann léargas i bhfeidhm ar a gcumas déighleáil le deacrachtaí. Is cabhair mhór dá gcumas rud éigin a dhéanamh faoin staid ina bhfuil siad a bheith in ann na comhpháirteanna a bhraitheann siad a ainmniú. Ar an ábhar seo is minic a bhíonn an chuid oideachasúil de chomhairleoireacht chomh héifeachtach leis an gcuid próiseála.

Is anseo ata buntáiste chlár OSPS sna scoileanna. Sa rang seo déantar iniúchadh ar eispéaras dhaoine óga mar fheiniméan, agus is féidir go bhfaigheann siad léargas níos soiléire ar na dinimicí a bhaineann le handúile, le méala agus le coimhlint. Cuireann sé seo ar chumas duine óg léargas leighis a fháil ar a fhrithghníomhartha agus ar a iompair.

Caithfear cuimhniú go bhfuil daltaí ag an dara leibhéal ag foghlaim le bheith teibí ina smaointeoireacht agus go bhfuil cumas ollmhór acu idéithe a shú isteach agus machnamh a dhéanamh orthu. Bíonn an claonadh i ndaoine óga freagairt níos dearfa do léargas tuairisciúil ná do threorú saintreorach. Is é seo atá le tairiscint ag OSPS thar smacht tuismitheoirí. Ní hé nach bhfuil sé seo oiriúnach, cinnte tá, ach is féidir nach mbíonn an tionchar céanna aige agus a bhíonn ag léargas a ghnóthaigh duine óg trí eolas agus trí mhachnamh.

Nuair a bhraitheann duine óg eiteach i gcaidreamh, mar shampla, is féidir go bhfrithghníomhaíonn sé ar bhealach a d'fhéadfadh bagairt, ní hamháin ar a shláinte mhothúchánach agus mheabhrach, ach ar a mharthain fiú. Nuair a tharlaíonn an t-eispéireas seo i gcomhthéacs an phróiseas méala a thuiscint , bíonn tuiscint éigin ag an duine óg ar a bhfuil ag tarlú dó. Soláthraíonn an léargas friotal chun na mothúcháin a chur in iúl, mothúcháin a d'fhéadfadh iompair féin-shabaitéireachta a bheith mar thoradh orthu ar bhealach eile. Mar an gcéanna, i gcás andúile, feidhmíonn léargas agus feasacht mar sciatha cumasacha i gcoinne turgnaimh ríogach agus guaiseach.

Is i limistéir na coimhlinte áfach a bhíonn an ról is tábhachtaí ag an léargas a gnóthaíodh trí chlár an OSPS.Tá déagóir óg ag gluaiseacht ó bhealach coincréideach smaointeoireachta ina bhfuil gach rud dubh nó bán, go dtí bealach níos teibí leis an domhain a bhrath. Tríd an bhforbairt seo ar mhachnamh teibí glacann tuiscint ar choimhlint ciall nua chuichi féin. Is féidir le daltaí teacht ar thuiscint nach gá dóibh deamhain ná íola a dhéanamh de thuismitheoirí ná de mhúinteoirí agus gur gnáthaí difríochtaí a bheith idir dhaoine ná síor-síth eatarthu. **Ach is féidir leo freisin teacht ar thuiscint ar choimhlintí inmheánacha ar nós teastálacha agus spreagthaí seachas riachtanais agus sábháilteacht. Tá ról rí-thábhachtach ag OSPS i gcabhrú leis an duine óg teacht ar na léargais chaolchúiseacha seo.**

Ach ní bheadh sé ceart breathnú ar OSPS mar uile-íoc ar na deacrachtaí go léir a bhaineann le sláinte mheabhrach agus mhothúchánach daoine óga. Tátionchar cumasach fós ag pé iompair agus scileanna chun déileáil le deacrachtaí a bhíonn mar eiseamláir don duine óg sa bhaile. Ach is páirtí cumasach an léargas agus déanann OSPS iarracht an léargas sin a sholáthar.

Forbairt Ógántachta

Céim a tharlaíonn idir aois 11 agus 21 is ea an Ógántacht, a sonraíonn trasdhul páiste go haosacht óg. De gnáth is tréimhse féinfhollasú é ina ndéanann daoine óga iarracht a n-ait sa domhain a shainmhíniú.

Le linn fhorbairt ógántachta, críochnaíonn páistí caithreachas agus fás fisiciúil. Forbraíonn siad scileanna tábhachtacha sóisialta, mothúchánacha agus intleachtula freisin, agus iad ag dréim i dtreo neamhspleáchais agus féinriar.

Is féidir gur tréimhse dúshlánach í an ógántacht do dhéagóirí agus dá dteaghlach agus do dhaoine suntasacha eile ina saol chomh maith. Agus iad ar thóir an neamhspleáchais ag an am seo, tosaíonn go leor ógánaigh ag ceistiú údarás tuismitheoiríagus is minic a léiríonn siad comharthaí ceannaireachta, rud gur féidir teannas a chruthú sa teaghlach agus ar scoil nó sa seomra ranga.

Go hiondúil bíonn déagóirí freisin ag streachailtle riachtanas méadaithe bheith ina mbaill den tsochaí. Dá bharr sin, caitheann go leor acu níos mó ama le cairde ná lena dteaghlach. Ceadaíonn sé seo do dhéagóirí scileanna sóisialta a fhorbairt agus a chleachtadh. Ach is sa suíomh seo freisina bhíonn ar ógánaigh aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le piarbhrú, l caidreamh collaí agus le triail a bhaint as alcól agus drugaí.

Cé gur tréimhse dúshlánach é seo do gach ógánach bíonn sé níos deacra do chuid acu agus d'fhéadfadh mothucháin strusa, mearbhaill nó dúlagair a eascraíonn as a saol teaghlaigh, acadúil nó sóisialta iad a threascairt. Is féidir go gcuireann sé seo ógánaigh i mbaol eirí as an scoil, éalú ón mbaile, bheith bainteach le dronganna, fadhbanna úsáid substaintí a tholgadh, iompair bhaolacha ghnéasacha a chleachtadh, neamhoird itheacháin, nó féin-díobháil nó cineálacha eile iompair féin-scriosta a tholgadh.

Tá ríthábhacht ag baint le tacaíocht agus comhairle ó aosaigh shuntasacha i saol an déagóra ag an bpointe seo. Is meán an-éifeachtach freisin í chun luachanna, rath acadúil, féin-mhuinín agus féinmheas a fhorbairt. Ní hiad tuismitheoirí amháin, ach múinteoirí agus timpeallacht na scoile freisin a bhíonn ríthábhachtach ag an am seo.

Tá sé tábhachtach go mbeadh múinteoirí agus tuismitheoirí eolach ar na hathruithe seo chun na tacaí is fearr gur féidir leo a sholáthar.

Seo an cineál tacaíochta a sholáthraítear sa rang OSPS:

- Am a cheadú chun plé a dhéanamh ar thopaicí tábhachtacha ar nós chaithreachais, ghnéas, phiarbhrú,tionchar, cinní a ghlacadh agus úsáid substaintí.
- Forbairt scileanna chun mothúcháin agus smaointe a chur in iúl agusfiosrú conas is féidir iad seo a bhainistiú.
- Spás slán neamh-dhaorbhreithiúnach a chur ar fáil inar féidir le déagóirí foghlaim óna chéile agus ón múinteoir.
- Cur le braistint chomhmhuintearais agus imeasctha daltaí sa scoil.

A nDeir Daltaí...

"Fuair mé amach go gcaithfidh tú éisteacht le daoine eile sula n-éisteofar lena bhfuil le rá agat féin"

"D'fhoghlaim mé conas suaimhneas a ghlacadh nuair a bhím faoi strus ón scoil nó ó bheith i dtriobloid"

"Cabhraíonn sé muinín a thógáil le go n-éireoidh níos fearr leat in ábhair eile"

"Cur amú ama atá ann mar seo an Teastas Sóisearach. D'fhéadfaimis níos mó ama a chaitheamh ag plé le hábhair eile. Déanaimid staidéar ar an eolas céanna in Eolaíocht"

"Pléann eolaíocht leis an ghné fhisiciúil d'oideachas gnéasach. Is faoi mhothúcháin atá OSPS. Ní fhaigheann tú é sin in Eolaíocht"

"In OSPS d'fhoghlaim mé conas éisteacht, conas a bheith cneasta le duine, seasamh suas duit féin, gan náire a bheith ort faoi cé nó céardé tú féin, agus ba é an rud ba mhó a d'fhoghlaim mé faoi bhulaíocht"

Clár na Sraithe Sóisearaí, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, Iarbhunscoileanna

MODÚL	Bliain a hAon	Bliain a Dó	Bliain a Trí
Muintearas agus Imeascadh	Déileáil le hAthruithe, Dul isteach i ngrúpa nua, Léirthuiscint ar Dhifríochtaí Baineann Bulaíocht le Cách Déileáil le Cailliúintí	Féachaint Siar, Féachaint chun Tosaigh Obair Ghrúpa NaisdcTeaghlaigh	Socrú Spriocanna do chonradh oibre na tríú bliana
Féin-Bhainistíocht	Mé Féin a Eagrú Eagrú mo chuid oibre sa bhaile agus ar scoil Cothromaíocht i mo shaol	Céard a spreagann mé? Scileanna Staidéir	Eagrú mo chuid ama Pleanáil do staidéar éifeachtach Déileáil le scrúduithe
Scileanna Cumarsáide	Tú féin a chur in iúl Foghlaim conas éisteacht Cumarsáid éighníomhach, threallúsach agus ionsaitheach	Cumarsáid threallúsach	Foghlaim conas cumarsáid a dhéanamh Cumarsáid i gcásanna coimhlinte
Sláinte Fhisiciúil	Cúram choirp Itheachán Sláintiúil Aclaíocht	Cúram Choirp agus Iómhá Choirp	Aclaíocht Scíth Réim bia
Cairdeas	Cairde nua a dhéanamh Cara maith	Mar a athraíonn cairdeas	Cairde – buachaillí agus cailíní
Caidrimh agus Gnéasacht	Mise, uathúil agus difriúil Cairdeas Athruithe sna déaga An Córas athtáirgthe Íomhanna den bhaineann is den fhireann Meas a bheith agam orm féin agus ar dhaoine eile	Ó ghiniúint go breith Mothúcháin a aithint agus a chur in iúl Piarbhrú agus tionchair eile Bainistiú caidrimh Cinní freagracha a thógáil Sláinte agus sábháilteacht pPhearsanta	Íomhá choirp Cá bhfuilim anois? Caidrimh – céard atá tábhachtach Meas, cearta agus freagrachtaí coimhlint
Sláinte Mhothúchánach	Mothúcháin a aithint Meas a bheith agam ar mo mhothúcháin agus ar mhothúcháin daoine eile	Féinmhuinín Íomhá choirp	Strus Mothúcháinagus giúmair
Tionchair agusCinní	Mo Laochra	Tionchair dhearfa agus dhiúltacha Tógáil cinní	Cinneadh maith a thógáil
Úsáid Substaintí	Cén fáth drugaí a úsáid? Alcól: na fíricí Caitheamh tobac agus a iarmhairtí I bhfábhar agus i gcoinne tobac a chaitheamh	Iarmhairtí drugaí Alcól agus a iarmhairtí Alcól, i bhfábhar agus i gcoinne Cannabas agus a iarmhairtí Cannabas, i bhfábhar agus i gcoinne	Eacstais; na réaltachta Hearóin; na réaltachta
Sábháilteacht Phearsanta	Tabhairt aire dom féin	Timpistí sa bhaile Ag brath i mbaol	Ócáidí baolacha a aithint Foréigean Gníomhaireachtaí cabhracha

Aithníonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta cé go ndíríonn gach scoil ar an gcuraclam go cuimsitheach, go bhfuil solúthacht acu faoi chuimsí na frámaíochta seo an clár OSPS is oiriúnaí do na daltaí agus don scoil a phleanáil.

OSPS sa tSraith Shinsearach

Is cuid de chroíchuraclam daltaí uile na bunscoile agus sa tSraith Shóisearach anois é Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte. Sa bhliain 2003 d'ath-thionól an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) coiste cúrsa an OSPS chun forbairt OSPS sa tSraith Shinsearach a mhaoirsiú. Orthu san gur baill de choiste cúrsa an OSPS iad, tá teachtaí ó na páirtnéirí éagsúla in Oideachas; ceardchumainn na múinteoirí, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, na Ranna Oideachais agus Sláinte, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Comhchoiste na mBainisteoirí,Cumann Tréadchúraim na hÉireann, Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha, An Cumann Gairm-Oideachais in Éirinn agus Seirbhís Thacaíochta OSPS. Tá coiste cúrsa an OSPS anois ar an gcéim deiridh i gcríochnú frámaíocht churaclaim OSPS.

Ceaptar OSPS sa tSraith Shinsearach mar chúrsa nócha uair,gur fearr a thabhairt i bhfoirm thréimhse ranga dúbailte thar tréimhse dhá bhliain sa tsraith shinsearach. Tógann frámaíocht dréacht-churaclam OSPS ar thaithí réamh-fhoghlama na ndaltaí in OSPS in oideachas bunscoile agus in oideachas iarbhunscoile na Sraithe Sóisearaí. Ceaptar frámaíocht an dréacht-churaclaim mar churaclam chumasúcháin a thacaíonn le pleannáil ag leibhéal scoile aonair. Tá cúig réimsí foghlama agus torthaí foghlama gaolmhara:

- sláinte mheabhrach
- staidéir inscne
- úsáid substaintí
- oideachas caidrimh agus gnéasachta
- gníomhaíocht coirp agus cothú.

Glactar leis go n-éileoidh pleanáil do mhúineadh agus d'fhoghlaim in OSPS go ndíreofar ar gach réimse foghlama.

Ní cheistíonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte(EDS) éifeachtúlacht ról na scoileanna in oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte. Dearbhaíonn sí "gur féidir le clár sláinte scoile éifeachtach bheith ar cheann de na hinfheistíochtaí is costéifeachtaí gur féidir le náisiún a dhéanamh a fheabhsóidh oideachas agus sláinte le chéile". (EDS Scileanna don Sláinte Docuiméad 9)

Tá na forbairtí níos leithne in oideachas na Sraithe Sinsearaí ag dul i bhfeidhm ar fhorbairt OSPS sa tSraith Shinsearach. Is féidir le scoileanna a chuireann OSPS ar fáil sa tSraith Shinsearach faoi láthair, nó ar mhian leo a chur ar fáil, dul i gcomhairle leis an dréacht-fhrámaíocht churaclaim atá ar fáil ó www.ncca.ieTá sonraí maidir leis na forbairtí níos leithne atá molta don tSraith Shinsearach ar fáil freisin ar an suíomh seo.

Oiliúint Inseirbhíse i mBaile Átha Cliath

Oiliúint Inseirbhíse i Luimneach

DO HEIDI LE GRUAIG GHORM

Nuair a chuir tú dath gorm ar do ghruaig
(nó, ar a laghad ultramairineach,
ar na taobhanna lomtha, le cirín
spící daoldubha ar bharr)
cuireadh abhaile ón scoil tú mar,

mar a dúirt an t-ardmháistreás,
cé nach raibh cosc go baileach
ar ghruaig dhaite, nach raibh do chuidse,
thar ní ar bith eile, déanta
i ndathanna na scoile.

Deora sa chistín, glaonna teileafóin
ar an scoil ó d'athair - a ghránn an tsaoirse:
'Ní punc ina hiompar í;
níl ann ach stíl. '(Chuimil tú do shúile
nach raibh ar dhath na scoile ach oiread)

'Phléigh sí liomsa ar dtús é -
sheiceálamar na rialacha.'
'Agus ar aon nós, a Dhaid,
fiche cúig dollar a bhí air.
Abair leo nach bhfeadfainn é a ní amach -
fiú dá mb'áil liom é a thriail.'

Bheadh sé éagórach trácht ar
bhás do mháthar
ach bhí sé ann, crithlonrach
ar chúl na n-argóintí.
Ní raibh tada eile ag an scoil i d'aghaidh;
ghíolc na hoídí agus ghéill.

An lá dár gcionn bhí gruaig do ghormchara daite
liath is bán is buibhán -
dathanna na scoile go beacht:
gníomh dlúthpháirtíochta, magadh deisbhéalach.
Bhí an cath buaite cheana féin.

FLEUR ALCOCK

Cead foilsithe lorgaithe

Comhordú OSPS

Eileen Byrne Comhordaitheoir OSPS,
Béal Átha hÁmhnais

Aithníonn cur san áireamh OSPS mar chuid fhoirmiúil den siollabas nach sealbhú sraith scileanna acadúla amháin atá san oideachas. Tugann sé aitheantas do thábhacht bhunúsach turas agus forbairt gach duine aonair i gcomhthéacs sóisialta a dhéanann nádúr forleatach an domhain ina mhairimid sainmhíniú éigin air.

Is í croífheidhm OSPS daoine óga ciallmhara cothroma a sholáthar. Le cinntiú go mbeidh rath ar an iarracht ní foláir go mbíonn mion-eolas ar ábhar agus phróiséas an chláir – agus muinín as - acu siúd a fhéachann lena chur i láthair.

Chun clár OSPS a chur i bheidhm i gceart ní mór go mbeadh na múinteoirí atái gceist tiomanta go hiomlán dó. Caithfear meas a bheith ag an mbainistíocht ar an gclár freisin agus tacaíocht iomláná thabhairt acu dó. Sa chás go gcomhlíontar na coinníollacha thuasluaite in aon scoil bíonn ról an Chomhordaitheora díreach go leor. Ag leibhéal bunúsach baineann na nithe seo a leanas leis an ról:

- Cruinnithe rialta múinteoirí gach bliain-ghrúpa a eagrú
- Pleanáil agus measúnú an chláir
- Teagmháil le Stiúrthóir Réigiúnda an OSPS agus le háisínteachtaí eile
- Rochtain ar oiliúint a eagrú

Is fiú, mar thaithí phraiticiúil, go mbeadh an Comhordaitheoir páirteach i múineadh chlár an OSPS. Is fiú go mór freisin, do gach duine a bhfuil baint acu le OSPS, an oiliúint inseirbhíse leanúnach a chuireann an tseirbhís thacaíochta OSPS ar fáil. Mar Chomhordaitheoir OSPS i mo scoilse is dóigh liom go bhfuil an obair an-dheacair, an-dhúshlánach ach an-thábhachtach.

A dTairiscíonn an tSeirbhís Thacaíochta OSPS do Scoileanna

Inseirbhís do Mhúinteoirí OSPS:	Réamhrá do OSPS Leanúnachas Laethanta Modúlacha agus Topaicí e.g. OCG, Úsáid Substaintí, Frithbhulaíocht Pleanáil agus Measúnú Ábhar OSPS Inseirbhís do Chomhordaitheoirí OSPS
Inseirbhís d'Fhoireann Scoile	Réamhrá do OSPS Scoil Chothuithe Sláinte Frithbhulaíocht Folláine Féinmheas Foirne OSPS agus Ceisteanna Scoil Uile i Sláinte Mheabhrach OSPS agus Forbairt Iomlánaíoch an Dalta Cumha agus Cailliúint
Inseirbhís do Bhainistíocht Scoile: (Príomhoidí agus Leasphríomhoidí)	Teagmhais Chriticiúla Reiteach Coimhlinte Sláinte Mheabhrach Ról OSPS i gCúram an Dalta Treoirlínte Chosaint Leanaí
Tacaíocht Fhorbairt Pholasaí:	OSPS / OCG Úsáid Substaintí Frithbhulaíocht
Tacaíocht In-scoile:	Pleanáil Chlár OSPS Múinteoirí Nua Comhordaitheoirí OSPS agus Meastóireacht Scoil Uile Cigireacht Ábhar Cruinnithe le Príomhoidí Cabhair le hAcmhainní Cabhair le gnéithe ar leith den Chlár
Eile:	Ar Fáil chun Caint faoi OSPS le Grúpaí Tuismitheoirí Cabhair le Téama-Sheachtain nó Eachtraí

OSPS Oifig Náisiúnta

John Lahiff
Comhordaitheoir Náisiúnta

Ann Doherty
Oifigeach Riaracháin

OSPS Iarbhunscoileanna
Institiúd Oideachais Marino
Ascal Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9

Fón: (01) 805 7718
Facs: (01) 853 5113
Ríomhphost: sphe@mie.ie

www.sphe.ie

Dialann Imeachtaí Sláinte - Aibreán go Nollaig 2007

AIBREAN		
Aibreán 7	Lá Domhanda Sláinte	www.euro.who.int
Aibreán 15	Cruinniú Náisiúnta Earraigh Chonaidhm Diabéitis na hÉireann	www.diabetes.ie
Aibreán 16-20	Skipathon Foras Croí na hÉireann	www.irishheart.ie
BEALTAINE		
Bealtaine 1	Lá Domhanda Plúchaidh	www.asthma.org.uk
Bealtaine 10-12	Deireadh Seachtaine An Chroí Fholláin	www.irishheart.ie
Bealtaine 19-21	Comhdháil Bhliantúil faoi Shláinte Mheabhrach in Éirinn	www.mentalhealthireland.ie
Bealtaine 31	Lá Domhanda Saor ó Thobac	www.euro.who.int/tobaccofree
MEAN FOMHAIR		
Méan fómhair 1	Comhdháil Náisiúnta Titimeas	www.epilspsy.ie
Méan fómhair 10	Mí Feasachta Ailse Brollaigh	www.cancer.ie
Méan fómhair 13-15	Lá na Nóiníní	www.aware.ie
Méan fómhair 13	Lá Domhanda Liomfóma	www.cancer.ie
Méan fómhair 21	Lá Domhanda Alzheimer	www.alzheimer.ie
Méan fómhair 28	Lá na Ribíní Bándearga	www.cancer.ie
Méan fómhair 24-30	Seachtain Croí na hÉireann	www.irishheart.ie
Méan fómhair 28–D. Fómhair 6	Seachtain Aosú Dearfa	www.ageaction.ie
DEIREADH FÓMHAIR		
Deireadh fómhair1	International Day of Older Persons	www.olderinireland.ie
Deireadh fómhair1-7	National Breastfeeding Week	www.hse.ie
Deireadh fómhair1-31	International Walk to School Week	
Deireadh fómhair8-14	National Arthritis Week	www.arthritisireland.ie
Deireadh fómhair10	World Mental Health Day	www.wfmh.org
Deireadh fómhair16	World Food Day	www.fao.org
SAMHAIN		
Samhain 5	Seachtain Gníomhaíochta Ailse na bhFear	www.cancer.ie
Samhain 5-11	Seachtain Frith-chiníochas san Ionad Oibre	www.equality.ie
Samhain 14	Lá Náisiúnta Diabéitis	www.diabetes.ie
NOLLAIG		
Nollaig 1	Lá Domhanda SEDA	www.worldAIDSday.org
Nollaig 3	Lá Idirnáisiúnta Daoine faoi Mhíchumas	www.un.org
Nollaig 10	Lá Idirnáisiúnta Cearta Daonna	www.un.org

Treasa Leahy

Ár mbeannachtaí

chuig Treasa, iar-Oifigeach Forbartha Réigiúnda do Bhord Sláinte an Limistéir Thiar Theas atá imithe uainn chun dul i mbun oibre mar Phríomhoide ar Iarbhunscoil na Trócaire, Inse Chór, Baile Átha Cliath.

Tá Aiseolas Uait Tábhachtach Dúinn

Dá mba mhaith leat alt a sholáthar, tuairim a thabhairt, moladh a dhéanamh nó má tá ceist agat, cén fáth nach gcuirfeá r-phost chugainn agsphe@mie.ie nó tríd an phost go dtí an Oifig Náisiúnta i Marino.

SPHE Support Service is a partnership between the Department of Education and Science, the Department of Health and Children and the Health Service Executive and in association with Marino Institute of Education, with funding from the National Development Plan.